**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

# STAIR – ARDLEIBHÉAL

**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 - 4.30**

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR**

**FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2, 3, 4, 5 AGUS 6**
**FREAGAIR CEISTEANNA 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR**
**FREAGAIR 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

**1. PICTIÚIR**
(15 mharc)

Déan staidéar ar na pictiúir - **A, B agus C** - a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**
*Taispeánann pictiúr A Sí an Bhrú, tuama pasáiste ón tréimhse Neoiliteach in Éirinn.*

(i) Cén cuspóir a bhí leis an mbosca dín a bhfuil an lipéad **X** air i bpictiúr A?

.............................................................................................................................. (1)

(ii) Cén fhianaise a thugann le tuiscint gur ceardaithe oilte a bhí sna daoine a thóg Sí an Bhrú?

...............................................................................................................................

.............................................................................................................................. (2)

(iii) Ainmnigh **dhá** chineál eile tuama ón tréimhse Neoiliteach in Éirinn.

...............................................................................................................................

.............................................................................................................................. (2)

(*b*) **PICTIÚR B**
*Is aerfótagraf é pictiúr B de Chaisleán Bhaile Átha Troim, Co. na Mí.*

(i) Cén t-ainm atá ar an bhfoirgneamh a bhfuil an lipéad **Y** air san fhótagraf?

.............................................................................................................................. (1)

(ii) Ón bhfótagraf, ainmnigh **dhá** ghné chosanta eile de Chaisleán Bhaile Átha Troim.

...............................................................................................................................

...............................................................................................................................

.............................................................................................................................. (2)

(iii) Maidir le caisleán meánaoiseach, tabhair feidhm **amháin** atá ag an Halla Mór?

...............................................................................................................................

.............................................................................................................................. (2)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Is fótagraf de shlógadh óige Naitsíoch é pictiúr C.*

(i) Cén t-ainm atá ar an tsiombail Naitsíoch atá ar taispeáint ar na bratacha sa chúlra?

………………………………………………………………………………………………………………………… (1)

(ii) Cén fhianaise a thugann le tuiscint go raibh dea-eagar ar an slógadh?

…………………………………………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Seachas slógaí, ainmnigh **dhá** bhealach inar bhain Hitler agus na Naitsithe úsáid as bolscaireacht chun an chumhacht a choinneáil sa Ghearmáin.

…………………………………………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………………………………………… (2)

**2. DOICIMÉID**
(15 mharc)

Léigh an dá dhoiciméad, **1** agus **2,** a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **DOICIMÉAD 1**
*Sliocht as Sir John Davies, "A Discovery of True Causes why Ireland was entirely subdued", a scríobhadh in 1612.*

(i) Dar leis an údar, cén tairbhe a thug an phlandáil do Chúige Uladh?

..............................................................................................................................................

.............................................................................................................................................. (1)

(ii) Cérbh iad na "fealltóirí mailíseacha agus míbhuíocha sin"?

..............................................................................................................................................

.............................................................................................................................................. (1)

(iii) Cén fáth nár fhág an Rí na daoine dúchasacha amach go hiomlán as an bplandáil?

..............................................................................................................................................

.............................................................................................................................................. (1)

(iv) Luaigh **dhá** rud a bhfuil súil ag an údar go dtarlóidh siad nuair a bheidh an phlandáil socraithe.

..............................................................................................................................................

..............................................................................................................................................

.............................................................................................................................................. (2)

(v) An gceapann tú go bhfuil an fhoinse seo iontaofa? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

..............................................................................................................................................

..............................................................................................................................................

.............................................................................................................................................. (2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Sliocht coimrithe as agallamh a rinne an BBC le Mary Hinchcliff, agus í ag caint faoin obair a rinne Seirbhís Dheonach na mBan (WVS) i gCúil Raithin le linn an Dara Cogadh Domhanda. Bhí a máthair, Florence Bean Shaw M.B.E. páirteach in obair dheonach sna blianta sular thosaigh an cogadh i mí Mheán Fómhair 1939.*

(i) Cén fáth a raibh calafort Dhoire "ríthábhachtach"?

.............................................................................................................................................

............................................................................................................................................. (1)

(ii) Cén tacaíocht a thug an WVS do na "teifigh" as cathair Bhéal Feirste?

.............................................................................................................................................

............................................................................................................................................. (1)

(iii) Luaigh **dhá** jab éagsúla ar thug na Banóglaigh i gCúil Raithin fúthu le linn an Dara Cogadh Domhanda.

.............................................................................................................................................

.............................................................................................................................................

............................................................................................................................................. (2)

(iv) Cén fáth, dar le Mary Hinchcliff, a ndearna an oiread sin ban de chuid an WVS an obair dheonach seo?

.............................................................................................................................................

............................................................................................................................................. (2)

(v) Cén t-ainm a tugadh ag preas na Breataine ar an mbuamáil a rinne an Ghearmáin ar Bhéal Feirste agus ar chathracha eile sa Bhreatain?

............................................................................................................................................. (2)

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**
(20 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna a leanas. Is fiú 2 mharc an ceann iad.

(i) Cad is foinse thánaisteach ann? Tabhair sampla.

Míniú:……………………………………………………………………………………………………………

Sampla:……………………………………………………………………………………………………(2)

(ii) Ainmnigh **dhá** uirlis a d'úsáidfeadh seandálaí chun láithreán a thochailt.

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Ainmnigh **dhá** mhian mhiotail a úsáideadh in Éirinn le linn na Cré-umhaoise.

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(iv) Luaigh **dhá** fheidhm thábhachtacha a bhí ag an gcloigtheach i dtús Ré na Críostaíochta in Éirinn.

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(v) Luaigh **dhá** ghné den ailtireacht Ghotach.

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(vi) Le linn na Meánaoiseanna, cad ab ea an Phlá Mhór?

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(vii) Cén fáth a raibh éileamh mór ar spíosraí san Eoraip thart ar an mbliain 1500?

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(viii) Cad a cinneadh ag Conradh Tordesillas (1494)?

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(ix) Sa Bhreatain, le linn na Réabhlóide Talmhaíochta, cad atá i gceist le pórú roghnaitheach?

……………………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………………… (2)

(x) Luaigh gníomh **amháin** a rinne Rialtas na Breataine chun déileáil leis an nGorta Mór sna 1840idí.

.................................................................................................................................... (2)

(xi) Tabhair **dhá** thoradh a bhí ar an nGorta Mór maidir le hÉirinn.

....................................................................................................................................

.................................................................................................................................... (2)

(xii) Ainmnigh an páirtí polaitíochta a bhunaigh Arthur Griffith in 1905.

.................................................................................................................................... (2)

(xiii) Ainmnigh **beirt** de na daoine a shínigh Forógra Phoblacht na hÉireann, 1916.

.................................................................................................................................... (2)

(xiv) Le linn an Chogaidh Chathartha, cad ab ea Poblacht na Mumhan?

....................................................................................................................................

.................................................................................................................................... (2)

(xv) Cad ab ea Cliseadh Wall Street, 1929?

....................................................................................................................................

.................................................................................................................................... (2)

(xvi) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le Conradh Versailles:

*Clásal Ciontachta Cogaidh;* *Cúitimh;* *Anschluss.*

....................................................................................................................................

.................................................................................................................................... (2)

(xvii) Le linn an Dara Cogadh Domhanda, cad ab ea an *Luftwaffe*?

....................................................................................................................................

.................................................................................................................................... (2)

(xviii) Le linn an Dara Cogadh Domhanda, cad ab ea Líne Maginot?

....................................................................................................................................

.................................................................................................................................... (2)

(xix) Maidir le Tuaisceart Éireann le linn na 1970idí, mínigh an téarma imtheorannú.

....................................................................................................................................

.................................................................................................................................... (2)

(xx) Ainmnigh **beirt** a bhí ina gceannairí ar Fhianna Fáil in Éirinn ó 1945 i leith.

.................................................................................................................................... (2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5 AGUS 6, I bhFREAGARLEABHAR FAOI LEITH**

## 4. PEARSANA SA STAIR
(40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Bean ina cónaí i sibhialtacht ársa **a ainmníonn tú LASMUIGH** d'Éirinn. (20)

(ii) Ceardaí i mbaile meánaoiseach. (20)

(iii) Lonnaitheoir a fuair talamh le linn plandála **a ainmníonn tú** sa 16ú nó sa 17ú haois**.** (20)

**AGUS**

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Oibrí monarchan nó mianaigh le linn na Réabhlóide Tionsclaíche sa Bhreatain c. 1850. (20)

(ii) Saighdiúir Briotanach **nó** Meiriceánach a ghlac páirt in D-Day (Dul i dtír na gComhghuaillithe sa Fhrainc, mí an Mheithimh 1944). (20)

(iii) Ceannaire polaitiúil **a ainmníonn tú** i bPoblacht na hÉireann le linn na tréimhse 1960-1985. (20)

**5. AN REIFIRMÉISEAN** (30 marc)

**FOINSE D**



***Foinse*:**
/*jasongoroncy.com/category/john-calvin*

**FOINSE E**



***Foinse*:**
/*traditioninaction.org/religious/e034rpCalvin*

**Foinse F**

*Tá iallach air dul timpeall na cathrach in éadach aithrí, ina mhaoil, tóirse á iompar ina láimh aige. Nuair a thagann sé os comhair an bhinse, tá air dul ar a ghlúine, a admháil gur labhair sé drochfhocail go gránna agus go mailíseach, agus a chuid aithrí a léiriú; ansin, tá air trócaire a agairt os comhair Dé agus cheartas an duine. Tá air na costais ar fad a íoc. Ba chóir an phianbhreith seo a fhógairt go poiblí.*

Foinse: www.traditioninaction.org/religious/e034rpCalvin_Franca05.html
J.B. Galiffe, *Nouvelles pages d'histoire exacte*, 1863, lch. 60

**Foinse G**

*Tá sé in aghaidh an nádúir go gcuirfí bean chun cinn le ceannasaíocht, forlámhas, údarás nó smacht a bheith aici ar aon ríocht, náisiún nó cathair; is masla do Dhia é, rud atá go hiomlán i gcoinne a thola faoi mar atá sin léirithe agus i gcoinne an reachta atá ceadaithe; agus ar deireadh, baineann sé an bonn ón dea-ord agus ó gach ní atá ceart agus cóir.*

Foinse: www.gutenberg.org/files/9660/9660-h/9660-h.htm

**A.** **Foinsí D agus E**

(i) Taispeánann **Foinse D** John Calvin agus é ag tabhairt seanmóra dá phobal. Tabhair píosa **amháin** fianaise as **Foinse D** a thaispeánann go raibh an-mheas ar Calvin mar sheanmóirí. (2)

(ii) Cén chathair ar thug Calvin an t-ainm "Cathair Dé" uirthi? (2)

(iii) Tabhair píosa **amháin** fianaise as **Foinse E** a thaispeánann go raibh lucht tacaíocht Calvin ag gníomhú go cruálach. (2)

(iv) In Eaglais Calvin, cad a bhí i gceist le **dhá** cheann díobh seo a leanas? -

*Réamhchinniúint;* *Seanóirí;* *Na Tofaigh;* *Preispitéirí.* (4)

**B.** **Foinsí F agus G**

(i) De bhrí gur cháin sé Calvin ag féasta, cuireadh iallach ar Pierre Ameaux, oifigeach cathrach, aithrí a dhéanamh. An gceapann tú go raibh an pionós seo ródhian? Tabhair píosa **amháin** fianaise as **Foinse F** chun tacú le do fhreagra. (2)

(ii) Ón staidéar atá déanta agat ar an Reifirméisean, cén fáth a gceapann tú gur fógraíodh pianbhreith Pierre Ameaux *"go poiblí"*? (2)

(iii) Dar le **Foinse G**, cad atá ina "*mhasla do Dhia*"? (2)

(iv) Thug údar **Fhoinse G** an Preispitéireachas go hAlbain. Cén t-ainm atá air? (2)

**C.** Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Tionchar an Reifirméisin ar Éirinn.

(b) Na cogaí creidimh san Eoraip.

(c) An Frith-Reifirméisean. (12)

**6.** Freagair **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C, agus D.** (60 marc)

## (A) AN ATHBHEOCHAN

(i) Cén fáth a raibh pátrúin chomh tábhachtach sin le linn na hAthbheochana? (2)

(ii) Tabhair **dhá** chúis a raibh a laghad sin eolaithe nó ealaíontóirí ban ann. (2 x 2)

(iii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhain leis an ealaín san Athbheochan:

*Peirspictíocht;* *Freascó;* *Sfumato.* (2 x 2)

(iv) Scríobh cuntas ar na forbairtí in **dhá** cheann de na réimsí seo a leanas le linn na hAthbheochana:

(a) Eolaíocht agus leigheas.
(b) Litríocht.
(c) Dealbhóireacht. (10 x 2)

## (B) ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Maidir le hathrú sóisialta, luaigh toradh **amháin** a bhí ar thabhairt isteach an idirlín. (2)

(ii) Ainmnigh **dhá** bhealach inar athraigh an leictreachas an saol in Éirinn. (2 x 2)

(iii) Tabhair **dhá** athrú mhóra sa tithíocht ó 1945 i leith. (2 x 2)

(iv) Scríobh faoi athruithe in **dhá** cheann de na réimsí seo a leanas ó 1945 i leith:

(a) Cumarsáid.
(b) Iompar.
(c) Oideachas. (10 x 2)

## (C) FORBAIRTÍ POLAITÍOCHTA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Luaigh toradh **amháin** a bhí ar bhású cheannairí Éirí Amach 1916. (2)

(ii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le hÉirinn san fhichiú haois:

*Lucht na Léinte Gorma;* *Claonroinnt;* *An Scéim Mháthar agus Linbh.*
(2 x 2)

(iii) Tabhair **dhá** chúis ar fhan Éire neodrach sa Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945. (2 x 2)

(iv) Tabhair cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) Cogadh na Saoirse, 1919-1921.
(b) Éachtaí Fhianna Fáil, 1932-1939.
(c) John Hume ***nó*** Ian Paisley. (10 x 2)

## (D) AN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Tabhair cúis **amháin** ar tháinig tóir ar an bhfaisisteachas san Eoraip sna 1920idí agus sna 1930idí. (2)

(ii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann leis an Iodáil faoi Mussolini, 1922-1939.

*An Mháirseáil ar an Róimh;* *Conradh na Lataráine;* *OVRA.*

(2 x 2)

(iii) Tabhair cúis **amháin** a raibh cumhachtaí móra na hEorpa sásta Hitler a cheansú le linn na 1930idí. (2)

(iv) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Oideachas i nGearmáin na Naitsithe.
(b) Hitler agus na Giúdaigh, 1933-1945.
(c) Polasaí eachtrach na Naitsithe, 1933-1939.

(10)

(v) **Roghnaigh Topaic 1 nó 2 nó 3 thíos:**

**Topaic 1 - Teacht i dTreis na nOllchumhachtaí.**

(i) Scríobh cuntas ar mhór-ghéarchéim **a ainmníonn tú** sa Chogadh Fuar idir SAM agus APSS le linn na tréimhse 1945-1963. (12)

**Topaic 2 – Gluaiseachtaí i dtreo aontú na hEorpa.**

(i) Scríobh cuntas ar fhás an Aontais Eorpaigh ó 1957 i leith. (12)

**Topaic 3 – Náisiúnachas san Afraic agus san Áise.**

(i) Scríobh cuntas ar na príomhimeachtaí sa ghluaiseacht ar son na saoirse i dtír san Afraic nó san Áise **a ainmníonn tú** i ndiaidh 1945. (12)